Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7301/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0007(NLE)**

**SCH-EVAL 54**
**ENFOPOL 109**
**FRONT 70**
**IXIM 77**
**CORDROGUE 35**
**COMIX 120**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6901/24 +COR 1 + COR 2 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le cur chun feidhme na **ndea-chleachtas** a sainaithníodh i meastóireacht théamach Schengen 2023 ar chumais na mBallstát i réimsí an chomhair póilíneachta, chosaint na dteorainneacha seachtracha, agus bhainistiú na gcóras TF chun **gáinneáil ar dhrugaí** isteach san Aontas a chomhrac |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le cur chun feidhme na ndea-chleachtas a sainaithníodh i meastóireacht théamach Schengen 2023 ar chumais na mBallstát i réimsí an chomhair póilíneachta, chosaint na dteorainneacha seachtracha, agus bhainistiú na gcóras TF chun gáinneáil ar dhrugaí isteach san Aontas a chomhrac, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 4 Márta 2024.

I gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le cur chun feidhme na ndea-chleachtas a sainaithníodh i meastóireacht théamach Schengen 2023 ar chumais na mBallstát i réimsí an chomhair póilíneachta, chosaint na dteorainneacha seachtracha, agus bhainistiú na gcóras TF chun gáinneáil ar dhrugaí isteach san Aontas a chomhrac**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[1], agus go háirithe Airteagal 24 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht théamach Schengen in 2023 ar chumais na mBallstát i réimsí an chomhair póilíneachta, chosaint na dteorainneacha seachtracha, agus bhainistiú na gcóras TF chun gáinneáil ar dhrugaí isteach san Aontas a chomhrac. Tar éis na meastóireachta téamaí, le Cinneadh Cur Chun Feidhme [C(2024) 257] ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina raibh an measúnú agus ina liostaítear na dea-chleachtais a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

(2) Dhírigh an mheastóireacht théamach ar dhea-chleachtais na mBallstát a bhfuil dúshláin chomhchosúla rompu a bhailiú d'fhonn réitigh oibríochtúla mhaithe a shainaithint maidir le cumais náisiúnta a bhainistiú chun gáinneáil ar dhrugaí isteach san Aontas a chomhrac. Chuidigh an mheastóireacht freisin le cur chun feidhme aonfhoirmeach, comhchuibhithe agus éifeachtúil *acquis* Schengen a bhaineann le coireacht trasteorann a chosc agus a chomhrac, go háirithe gáinneáil ar dhrugaí i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus caighdeáin choiteanna chun slándáil inmheánach agus rialú teorann a mhéadú.

(3) Rinneadh meastóireacht ar gach Stát a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine mar chuid den mheastóireacht théamach sin i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear i dtreoir mheastóireachta Schengen[1].

(4) D'oibrigh an fhoireann meastóireachta faoi chomhordú príomhshaineolaithe ón gCoimisiún agus ón bhFrainc, agus bhí 17 gcomhalta uirthi, lena n-áirítear saineolaithe náisiúnta ón mBeilg, ón mBulgáir, ón nGearmáin, ón Eastóin, ón nGréig, ón Spáinn, ón bhFrainc, ón gCróit, ón Iodáil, ó Mhálta, ón Ísiltír, ón bPolainn, ón tSlóvaic agus ón bhFionlainn. Thacaigh breathnóirí arna n-ainmniú ag Frontex, Europol agus EMCDDA/EUDA le hobair na foirne meastóireachta. Ina theannta sin, rannchuidigh eu-LISA leis an meastóireacht théamach freisin.

(5) Tá ceistneoir spriocdhírithe forbartha ag an bhfoireann meastóireachta agus rinne sí anailís ar na freagraí a fuarthas ó na tíortha Schengen a ndearnadh meastóireacht orthu.
I mí Dheireadh Fómhair 2023, tugadh cuairt ar cheithre chalafort mhóra i limistéar Schengen: Rotterdam, Antuairp, Hamburg, agus Marseille, ar iarraidh ón Ísiltír, ón mBeilg, ón nGearmáin, agus ón bhFrainc. Cuireadh san áireamh go forleathan réitigh oibríochtúla nuálacha a thug na foirne ar an láthair faoi deara agus na dea-chleachtais sin á dtarraingt suas.

---

1 Moladh ón gCoimisiún C(2023) 6790 an 16 Deireadh Fómhair 2023 maidir le treoir mheastóireachta Schengen a bhunú atá le húsáid chun sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen a chur chun feidhme.

(6) Ós rud é go bhfuil nasc idir coireacht trasteorann agus cur chun feidhme *acquis* Schengen i roinnt réimsí beartais, rinneadh measúnú sa mheastóireacht théamach ar chumais na mBallstát i dtrí réimse beartais éagsúla: an comhar póilíneachta, cosaint na dteorainneacha seachtracha, agus bainistiú na gcóras TF a bhaineann leis an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac. Tugadh aird ar leith ar na dea-chleachtais oibríochtúla i réimse an chomhair póilíneachta: comhroinnt faisnéise chun cionta coiriúla a chosc agus a bhrath idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ábhartha (lena n-áirítear údaráis chustaim) ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach/idirnáisiúnta, comhar agus comhordú gníomhaíochtaí oibríochtúla trasteorann (mar shampla, faireachas, seachadtaí rialaithe agus oibríochtaí comhpháirteacha), spriocdhíriú ar chuanta agus anailís riosca, acmhainní daonna agus oiliúint, straitéisí in aghaidh an éillithe agus faisnéis choiriúil mhuirí.

(7) Tá struchtúr na ndea-chleachtas a bailíodh bunaithe ar cheithre bhloc tógála: (1) modhanna straitéiseacha a chur ar fáil do limistéar Schengen chun an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac, (2) sreabha drugaí aindleathacha a mhapáil, (3) líonraí coiriúla a bhriseadh go réamhtheachtach agus go hiartheachtach, agus (4) bacainní a chruthú agus seasmhacht na mol lóistíochta a mhéadú, mar phríomhphointí fócasacha chun an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac ar bhonn Eorpach. Sainaithníodh sna ceithre phríomhbhloc tógála sin a thábhachtaí atá iarrachtaí comhordaithe i measc gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí laistigh den Aontas agus leis na gníomhaireachtaí sin i dtríú tíortha tionscnaimh agus idirthurais.

(8) I meastóireacht théamach Schengen, leagtar béim ar ról bunúsach an chomhordaithe agus an chomhair i measc seirbhísí forfheidhmithe dlí, póilíneachta, custaim agus seirbhísí garda teorann ar bhealach comhtháite chun comhar oibríochtúil ildisciplíneach a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

(9) Is é is aidhm le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear cuideachtaí príobháideacha atá ag feidhmiú i moil lóistíochta, in éineacht le bacainní agus geatóirí a chruthú ag pointí iontrála an Aontais, an slabhra lóistíochta níos leithne a dhaingniú agus é a dhéanamh níos seasmhaí i gcoinne insíothlú coiriúil. Mar gheall ar an mborradh gan fasach ar infhaighteacht drugaí aindleathacha, go háirithe cócaon de thionscnamh Mheiriceá Theas, tá gá le comhiarracht na mBallstát maidir le teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe domhanda chun díriú ar phríomhbhealaí soláthair drugaí, agus béim á leagan ar dtús ar chomhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh.

(10) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshlán na gáinneála ar dhrugaí, tá gá le straitéis chuimsitheach lena dtéitear i ngleic le bealaí dáileacháin réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon ag an am céanna. Is creat níos éifeachtaí agus níos iomlánaíche é an cur chuige déach sin chun dul i ngleic leis na dúshláin chasta a bhaineann le trádáil i ndrugaí aindleathacha. Tá sé ríthábhachtach díriú ar fhoinsí réamhtheachtacha agus ar shlabhraí soláthair chun cur isteach ar tháirgeadh agus iompar drugaí isteach san Eoraip, agus tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar dháileadh iartheachtach chun teacht roimh líonraí coiriúla atá freagrach as cúrsaíocht agus díol substaintí aindleathacha i limistéar Schengen agus chun deireadh a chur leo. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach cumais forfheidhmithe dlí a fheabhsú agus imscrúduithe críochnúla a áirithiú chun líonraí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhrugaí agus dáileadh drugaí a dhíchur agus chun cur isteach ar a samhlacha gnó.

(11) Is acmhainní luachmhara chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac iad *acquis* Schengen agus na huirlisí Eorpacha atá ann cheana maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac. Mar sin féin, chun a dtionchar a uasmhéadú, ní mór dul níos faide ná an cur i bhfeidhm atá acu faoi láthair. Is éard atá i gceist leis sin feabhas a chur ar a n-éifeachtacht trí réitigh nuálacha chruthaitheacha a ghlacadh i nósanna imeachta oibríochtúla.

(12) Ós rud é gurb é príomhaidhm mheastóireacht théamach Schengen díriú ar dhea-chleachtais a shainaithint, ba cheart an obair leantach agus an faireachán a bheith comhréireach lena chuspóir. Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar na Ballstáit an breisluach agus an fhéidearthacht a bhaineann leis na dea-chleachtais a chur chun feidhme ina gcreat náisiúnta a bhreithniú, i gcomhairle, i gcás inarb ábhartha, leis na Ballstáit a chuir chun feidhme iad cheana féin. Iarrtar ar na Ballstáit ansin a bpleananna gníomhaíochta a chur isteach laistigh de 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Ba cheart do na pleananna gníomhaíochta sin struchtúr na gceithre bhloc tógála a luaitear thuas a leanúint agus ba cheart a léiriú iontu maidir le gach ceann de na bloic sin na dea-chleachtais atá beartaithe ag na Ballstáit a ghlacadh nó atá glactha acu cheana féin, agus ba cheart míniú a thabhairt iontu ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu na dea-chleachtais ábhartha arna sainaithint a chur chun feidhme nó ar an gcaoi a bhfuil na dea-chleachtais sin curtha chun feidhme acu ina gcreataí náisiúnta dlíthiúla agus oibríochtúla. Féadfaidh na Ballstáit na cúiseanna nach féidir leo na dea-chleachtais a shainaithnítear sa mholadh seo a chur chun feidhme a leagan amach sa phlean gníomhaíochta.

(13) Déanfar faireachán ar chur chun feidhme na ndea-chleachtas trí mheastóireachtaí tréimhsiúla i gcomhréir leis an gclár meastóireachta ilbhliantúil.

(14) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS

go ndéanfaidh Ríocht na Beilge, Poblacht na Cróite, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Prionsacht Lichtinstéin, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Ríocht na hIorua, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise anailís ar na dea-chleachtais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus cur chun feidhme na ndea-chleachtas sin ina gcreata dlíthiúla agus oibríochtúla náisiúnta a bhreithniú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN**

*Sainaithníodh na dea-chleachtais seo a leanas faoi chuimsiú mheastóireacht théamach Schengen 2023 ar chumais na mBallstát i réimsí an chomhair póilíneachta, chosaint na dteorainneacha seachtracha, agus bhainistiú na gcóras TF chun gáinneáil ar dhrugaí isteach san Aontas a chomhrac:*

## I. Modh straitéiseach a sholáthar do limistéar Schengen chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac

1. Straitéis náisiúnta drugaí atá 'ionsaitheach' agus atá 'cosantach' a ghlacadh ina ndírítear ar dheireadh a chur le líonraí coiriúla atá páirteach i ngáinneáil ar dhrugaí agus bacainní a thógáil, go háirithe i moil lóistíochta. Sa straitéis náisiúnta um dhrugaí, leantar cur chuige ildisciplíneach, ina mbeadh cosc, díchumasú agus comhar idirnáisiúnta i dteannta a chéile.
2. An creat dlíthiúil a oiriúnú chun a áirithiú go dtabharfar na huirlisí dlíthiúla agus na teicnící imscrúdaitheacha úrscothacha is gá cothrom le dáta agus go mbeidh siad ar fáil chun tacú le himscrúduithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar gháinneáil ar dhrugaí, ar imscrúduithe iad a bheidh saincheaptha do riachtanais oibríochtúla.
3. Comhaontuithe nó meabhráin tuisceana idir-aireachta a thabhairt i gcrích chun malartú faisnéise idir gníomhaireachtaí a éascú.
4. Struchtúr láraithe comhtháite ildisciplíneach náisiúnta um chomhrac drugaí a fhorbairt ina gcuimsítear, *inter alia*, údaráis bhreithiúnacha, póilíní, údaráis chustaim, aonaid airgeadais, gardaí cósta agus aonaid faisnéise coiriúla, agus go mbeidh na cumhachtaí imscrúdaitheacha agus ceaptha beartais/comhairleacha iomchuí acu.
5. Pleananna gníomhaíochta comhtháite in aghaidh gáinneáil ar dhrugaí a chur chun feidhme ina mbeidh cuspóirí straitéiseacha atá le baint amach trí chur chuige incriminteach, ina mbeidh freagairtí beartais ag freastal ar riachtanais áitiúla.
6. An 'modh ón mbun aníos' a chur chun cinn i straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta ina ndíreofar go mór ar chomhordú, ar chomhoibriú, agus ar fhís chomhroinnte i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac.
7. Leithdháileadh na gcistí riachtanacha atá curtha in áirithe do na pleananna gníomhaíochta, trínar féidir comhar rianúil idirghníomhaireachta a dhéanamh agus úsáid á baint as modhanna oibre nuálacha atá curtha in oiriúint d'athróga an mhargaidh drugaí agus do *modus operandi* síorathraitheach na ngáinneálaithe.
8. Sásra meastóireachta ar chur chun feidhme na straitéise náisiúnta a bhunú, agus tosaíocht á tabhairt don chomhpháirt 'ionsaitheach'.

## II. Sreabha drugaí aindleathacha a mhapáil

1. Comhaontuithe comhroinnte faisnéise a thabhairt i gcrích chun freagairt aontaithe agus éifeachtach ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn a áirithiú agus chun pleananna comhpháirteacha maidir le freagairt ar bhagairtí a tharraingt suas.
2. Struchtúr náisiúnta ilghníomhaireachta maidir le hanailís ar rioscaí agus bagairtí, agus comhordú faisnéise, a bhunú. An struchtúr a chumhachtú le córas faisnéise láraithe chun sonraí agus faisnéis a bhainistiú go héifeachtach trí shonraí straitéiseacha agus oibríochtúla ó fhoinsí éagsúla a chomhtháthú, agus chun cruthú táscairí riosca agus próifílí riosca a chumasú agus chun táirgeadh tuarascálacha anailíseacha a éascú.
3. Modhanna uathoibrithe bailithe sonraí a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta chun sonraí staidrimh agus faisnéis oibríochtúil a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí a bhailiú. Ardán TF a úsáid a bhfuil táscairí riosca uathoibrithe leabaithe ann.
4. Faisnéis agus anailís a nuashonraítear go minic ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a scaipeadh ar údaráis forfheidhmithe dlí chun tuiscint choiteann ar an mbagairt a chumasú agus chun forbairt próifílí riosca agus táscairí riosca a éascú.
5. Uirlisí ar leibhéal an Aontais a chomhtháthú go córasach i nósanna imeachta náisiúnta chun faisnéis bhreise a fháil agus a chomhroinnt chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac (e.g. Córas Faisnéise Schengen, Córas Faisnéise Europol, an Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha), go háirithe maidir lena áirithiú go ndéanfar tuairisciú córasach ar urghabháil drugaí ag na teorainneacha seachtracha sa Chóras Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR) chun léargas cuimsitheach a fháil ar dhálaí.

## III. Cur isteach ar líonraí coiriúla go réamhtheachtach agus go hiartheachtach

1. Comhairliúchán córasach Chóras Faisnéise Schengen a chomhtháthú i nósanna imeachta custaim, lena n-áirítear cros-seiceálacha a dhéanamh ar choimeádáin.
2. Seiceálacha uathoibríocha iarratais a dhéanamh i gCóras Faisnéise Schengen agus i mbunachair sonraí náisiúnta le haghaidh gach dul isteach agus imeacht feithicle i moil lóistíochta trí cheamaraí uathaitheanta uimhirphlátaí, rud lena bhfeadfaí amas a fháil le tuarascáil ghaolmhar.
3. Rochtain dhíreach agus dhíláthraithe ar an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise a bhaineann le Europol agus ar Chóras Faisnéise Europol a chur ar fáil do na húdaráis inniúla uile a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhrugaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach.

4. Faisnéis a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú a sholáthar ar bhonn córasach do Europol agus do na Ballstáit eile lena mbaineann.

5. Nósanna imeachta caighdeánaithe agus comhchoiteanna a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta chun daoine aonair, grúpaí agus líonraí a bhfuil an bhagairt is airde coireachta eagraithe ag baint leo a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus chun díriú orthu. Fónann an cur chuige sin mar bhunús do choincheap an tascfhórsa ardluacha sprice/oibríochtúil arna choinneáil ar bun ag Europol.

6. Na bearta is gá ar an leibhéal náisiúnta a ghlacadh chun forfheidhmiú a dhéanamh ar Mholadh (AE) 2022/915 ón gComhairle maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí i gcomhthéacs gáinneáil ar dhrugaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

7. Comhaontuithe déthaobhacha/iltaobhacha a thabhairt i gcrích chun comhar le húdaráis Ballstát eile a éascú a thuilleadh chun gáinneáil ar dhrugaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

8. Rannpháirtíocht ghníomhach sa dá thosaíocht a bhaineann leis an Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla maidir le gáinneáil ar dhrugaí, agus sa tosaíocht chothrománach lena ndírítear ar líonraí coiriúla ardriosca agus na tascfhórsaí oibríochtúla Europol a bhaineann leo. Úsáid iomlán a bhaint as an tacaíocht anailíseach, oibríochtúil, theicniúil, agus fhóiréinseach arna soláthar ag Europol.

9. Comhar oibríochtúil comhtháite le comhpháirtithe tábhachtacha lasmuigh den Aontas Eorpach feadh bealaí gáinneála ar dhrugaí, lena n-áirítear tíortha tionscnaimh agus tíortha idirthurais.

10. Úsáid agus acmhainneacht na dteicneolaíochtaí imscrúdaitheacha speisialta cunórach a neartú chun deireadh a chur le líonraí coiriúla.

## IV. Bacainní a chruthú agus seasmhacht na mol lóistíochta a mhéadú

*– Comhar idirsheirbhíse idir gníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí ábhartha (lena n-áirítear údaráis chustaim) sna moil lóistíochta*

1. Tascfhórsaí idirghníomhaireachta a bhunú chun imscrúduithe comhpháirteacha a dhéanamh i limistéir ardriosca, ar nós moil lóistíochta, agus cianrochtain dhíreach a sholáthar do na tascfhórsaí sin ar bhunachair sonraí náisiúnta agus ar Chóras Faisnéise Schengen.

2. Córas comhchoiteann bainistithe cásanna a bhunú le haghaidh imeachtaí a bhaineann le drugaí a mbeidh rochtain ag na gníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí agus ag na húdaráis bhreithiúnacha uile air.

3. Faisnéis ó na póilíní a chomhtháthú i gcórais bainistithe teorainneacha chun foláirimh a eisiúint agus próifílí riosca a chruthú maidir le sreabha drugaí aindleathacha ag na teorainneacha.

4. Ardtrealamh braite agus faireachais a chur chun feidhme le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí ar an láthair, lena n-áirítear córas ceamara ciorcaid iata a úsáid feadh na himlíne agus laistigh de chalafoirt, mar aon le teicneolaíochtaí cliste, mar shampla, *inter alia*, feithiclí atá sainfheistithe, agus ladrainn. Rochtain fhairsing, agus i gcás inar féidir, cianrochtain a áirithiú d’údaráis forfheidhmithe dlí ar na píosaí scannánaíochta chun cionta a bhaineann le drugaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

5. Rialú rochtana feabhsaithe ar limistéir chalafoirt ardriosca, lena gceadaítear do phearsanra imréitithe agus údaraithe amháin dul isteach, trí mhodhanna nuálacha, mar shampla, bithmhéadracht agus fíordheimhniú dhá fhachtóir a úsáid.

6. ‘Toirmeasc calafoirt’ a thabhairt isteach mar phionós coimhdeach arb é is aidhm dó dul i ngleic le cionta a bhaineann le drugaí, cosc a chur ar dhaoine atá faoi dhrochamhras agus ar choirpigh chiontaithe a bheith ina riosca leanúnach do shlándáil an chalafoirt.

7. An córas um fhaireachas muirí a atreisiú, chun comhar éifeachtach a chothú idir na príomhúdaráis a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhrugaí sa réimse muirí a chomhrac agus chun malartú faisnéise a áirithiú.

– *Comhpháirtíocht éifeachtach phríobháideach phoiblí*

8. Iarraidh ar an earnáil phríobháideach ról lárnach a imirt chun an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac, lena n-áirítear trí dhearbhuithe comhpháirteacha, pleananna gníomhaíochta, nó meabhráin tuisceana a thabhairt i gcrích idir údaráis agus eintitis náisiúnta, mar shampla, cuideachtaí príobháideacha loingseoireachta, seirbhísí poist, údaráis chalafoirt agus aerfoirt, agus cuideachtaí slándála príobháideacha, ach freisin trí bhearta in aghaidh an éillithe a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú sa chomhthéacs sin.

9. Idirphlé dlúth idir údaráis fhorfheidhmiú an dlí agus tionscal na gcalafort, lena n-áirítear oifigigh slándála saoráidí calafoirt a bhaineann le hoibreoirí críochfoirt príobháideacha, chun léargas staide comhroinnte a fheabhsú agus chun freagairtí comhordaithe, comhlántacha a éascú.

10. Comhar oibríochtúil feabhsaithe idir oifigigh forfheidhmithe dlí agus oifigigh slándála calafoirt i limistéir chalafoirt, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as coistí slándála calafoirt nuair is ann dóibh.

11. Comhar feabhsaithe le hollscoileanna agus leis an earnáil phríobháideach chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun cur le cumas braite i leith lastais drugaí aindleathacha.

12. Comhar treisithe leis an earnáil phríobháideach chun teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun gáinneáil ar dhrugaí trí mhoil lóistíochta a bhrath agus a dhíspreagadh. D'fhéadfaí a áireamh sa chomhoibriú sin, i measc nithe eile, úsáid scanóirí coimeádán x-ghathaithe soghluaiste arna suiteáil i gcríochfoirt faoi riosca, Intleacht Shaorga chun anailís a dhéanamh ar íomhánna scanta ag lucht custaim nó chun bailiú agus próiseáil sonraí leictreonacha ó iompróirí muirí laistigh den chóras náisiúnta faisnéise calafoirt a chuíchóiriú.

*– Éilliú feadh an tslabhra soláthair drugaí a chosc agus a chomhrac*

13. Cód eitice agus iompair a ghlacadh is infheidhme maidir le hoifigigh forfheidhmithe dlí atá neamhchosanta ar rioscaí éillithe a bhaineann lena ndualgais.
14. An riosca éillithe d'oifigigh a mhaolú agus an dóchúlacht go mbraithfear iompraíocht chlaonaíoch a mhéadú trí chomhar a chothú idir gníomhaireachtaí éagsúla i moil lóistíochta.
15. Cláir rialta oideachais agus oiliúna le haghaidh údaráis fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear treoir maidir le daoine aonair a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt slándála i moil lóistíochta.
16. Cosaint do sceithirí i bpobal um fhorfheidhmiú an dlí agus san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear nósanna imeachta sceithireachta nó córais tuairiscithe anaithnide a sholáthar chun go mbeidh oibrithe calafoirt in ann gníomhaíochtaí amhrasacha a thuairisciú go hanaithnid.
17. Scagadh agus rothlú rialta oifigeach i bpoist leochaileacha (e.g. iad siúd a oibríonn i moil lóistíochta) ionas nach mbunófar naisc le grúpaí coireachta eagraithe.
18. Anailís ar thosca agus rioscaí éillithe a dhéantar i gcomhar leis an margadh aindleathach, lena n-áirítear measúnú spriocdhírithe ar an insíothlú i limistéir lóistíochta íogaire.
19. Nósanna imeachta scagtha a ghlacadh lena gceadaítear seiceálacha cúlra a dhéanamh ar fhostaithe i moil lóistíochta agus deimhniú dea-iompair dá bhfostaíocht a éileamh. Toirmeasc a chur ar choirpigh chiontaithe agus orthu siúd atá faoi dhrochamhras in imeachtaí a bhaineann le drugaí a fhostú i moil lóistíochta.
20. Cláir oideachais agus feasachta a fhorbairt d'fhostaithe na hearnála príobháidí i moil lóistíochta, arb é is aidhm dóibh insíothlú agus éilliú a chosc agus a chomhrac. Áirítear leis sin iompar eiticiúil a chur chun cinn, an miotas a bhaineann le hairgead a thuilleamh go héasca trí choireacht a dhíbirt, eolas a thabhairt faoi na contúirtí a bhaineann le bheith páirteach i ngrúpaí coiriúla (e.g. smachtbhannaí coiriúla, foréigean as cuimse a bhaineann le líonraí coiriúla), agus béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí amhrasacha a thuairisciú.
21. Foireann thiomnaithe idirghníomhaireachta a chur ar bun a mbeidh sainordú aici imscrúdú a dhéanamh ar chásanna líomhainte breabaireachta agus éillithe a dhéanann difear do shláine na mol lóistíochta.